C/2025/2940

23.5.2025

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/2940)

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

‘Colinele Dobrogei’

PGI-RO-A0612-AM05 — 27.2.2025

1. **Ainm an táirge**

‘Colinele Dobrogei’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint (ATFC)

☒ Tásc Geografach faoi Chosaint (TGFC)

☐ Tásc Geografach (TG)

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☒ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

an Rómáin

5. **Údarás an Bhallstáit atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

An Oifig Náisiúnta um Tháirgí Fíniúna agus Fíona (ONVPV)

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Baineann an leasú atá beartaithe ar an tsonraíocht táirge le limistéar críochaithe an TGFC a leathnú chun bardas Ceamurlia de Jos (agus a shráidbhailte) agus bardas Aliman (agus a shráidbhailte) a chur san áireamh. Ba cheart an limistéar táirgeachta a leasú chun na dúichí sin a chur san áireamh agus ba cheart é a athchríochú le haghaidh táirgeadh fíonta. Tagann an cineál leasaithe sin ar an limistéar críochaithe faoin sainmhíniú ar leasú caighdeánach dá bhforáiltear in Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143, agus ní dhéanann sé difear do choinníollacha eile a leagtar síos maidir le táirgeadh fíona ag a bhfuil TGFC Colinele Dobrogei (amhail margaíocht, an nasc idir an limistéar agus an táirge, nó ainm nó catagóir na dtáirgí).

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

1. *Leasú ar an limistéar geografach chun bardas Ceamurlia de Jos (Contae Tulcea) a chur san áireamh*

Iarrtar leasú chun bardas Ceamurlia de Jos agus a shráidbhailte (i gContae Tulcea) a áireamh sa limistéar críochaithe le haghaidh táirgeadh fíonta a bhfuil TGFC Colinele Dobrogei acu.

Tá bardas Ceamurlia de Jos agus a shráidbhailte – Ceamurlia de Jos agus Lunca – suite i gcomharsanacht ceantar eile atá ainmnithe mar chuid de limistéar an TG: tá baile Babadag 20 km ar shiúl uaidh, agus tá bardas Baia 21 km ar shiúl uaidh; bunaíodh an dá dhúiche sin mar limistéar táirgeachta sainithe TG agus feidhmíonn siad mar theorainneacha críochacha riaracháin le bardas Ceamurlia de Jos.

Baineann bardas Ceamurlia de Jos tairbhe as dálaí éiceolaíocha, ithreach agus aeráide atá oiriúnach chun fíniúnacha a fhás, ar dálaí iad atá cosúil leo siúd i limistéar TGFC Colinele Dobrogei, agus freisin as saothróirí fíniúna atá ag oibriú fíonghort agus béim á leagan acu ar fhíonta ar ardchaighdeán a dhéanamh ó na cineálacha fíniúna atá á dtáirgeadh.

Maidir leis an tír-raon, tá bardas Ceamurlia de Jos agus na sráidbhailte máguaird suite in Ardchlár Babadag, a bhfuil tírdhreach coimpléascach aige. Tá timpeallacht nádúrtha fhabhrach ann, agus 46 % den chríoch riaracháin breactha le dobharlaigh agus linnte. Tá cruth polagáin neamhrialta ar lár stairiúil Ceamurlia de Jos agus tá sé suite i limistéar ísealchríche ina bhfuil airdí 20-40 m. Tá sráidbhaile Lunca suite ar theorainn thiar theas Loch Goloviţa.

Ó thaobh na haeráide de, tagann an bardas faoi réir aeráid na steipe ilchríochaí, agus bíonn samhraí agus geimhrí níos séimhe ann mar gheall ar thioncher choimpléasc loch Razim-Sinoe; is é 10,8 °C an mheánteocht bhliantúil, agus titeann 400 mm/m² báisteach ar an meán sa bhliain. Tá roinnt teaglamaí de chineálacha ithreach sa réigiún: castanaiseoim a bhfuil fochinéalacha éagsúla díobh ann agus iad comhdhéanta de shil-leagain lóis ina bhfuil uiscígh atá suas le 15 m ar doimhneacht chomh maith le sil-leagain aolchloiche marla.

Tá saintréithe na bhfíonta a tháirgtear ó fhíonghoirt Ceamurlia de Jos agus Lunca an-chosúil leo siúd a tháirgtear i limistéar críochaithe Colinele Dobrogei, toisc go bhfuil an dá shráidbhaile timpeallaithe ag lonnaíochtaí atá suite laistigh de limistéar TG Colinele Dobrogei.

Áirithíonn radaíocht ard na gréine agus acmhainní maithe héiliteirmeacha, mar aon le ráta íseal báistí, aibiú maith fíonchaor agus leibhéal iomchuí siúcra. Mar thoradh ar a chóngaraí atá lochanna Razim agus Sinoe agus ar na hithreacha fabhracha d'fhíniúnacha, bíonn cion cothromaithe alcóil agus aigéadachta agus airíonna orgánaileipteacha dea-léirithe ann. Léiríonn fíonta geala ó limistéar táirgeachta bhardas Ceamurlia de Jos, agus a sráidbhailte – Ceamurlia de Jos agus Lunca – raon leathan saintréithe boltanacha, ó bhlasanna bláthacha amhail bláthanna fíniúna agus acáise go dea-bholaithe torthaíocha amhail péitseog, aibreog agus torthaí citris, agus iad uile feabhsaithe le blas beag mianrach. Bíonn déine láidir datha, tainniní boga, tathag iomlán, agus dea-bholadh agus blas torthaíoch ag na fíonta dearga, ar saintréith dá gcuid iad torthaí dearga agus dubha dea-aibithe. Bíonn na fíonta rosé úr, ar a mbíonn dea-bholaithe torthaí foraoise (sútha talún fiáine, sméara dubha, sútha craobh), torthaí dearga (silíní, sútha talún), peitil róis agus plandaí aramatacha.

Leasaíodh Caibidil III den tsonraíocht agus pointe 6 den doiciméad aonair.

2. *Leasú ar an limistéar geografach chun bardas Aliman (Contae Constanţa) a chur san áireamh*

Iarrtar leasú chun bardas Aliman agus a shráidbhailte (i gContae Constanţa) a áireamh sa limistéar críochaithe chun fíonta a bhfuil TGFC Colinele Dobrogei acu a tháirgeadh.

Tá bardas Aliman, ina bhfuil sráidbhailte Aliman, Dunăreni, Vlahii, agus Floriile, suite i gContae Constanţa. Tá teorainn aige le bardas Rasova, atá suite i limistéar sainithe TG Colinele Dobrogei, ó thuaidh; le bardas Ion Corvin ó dheas; le bardas Adamclisi, i limistéar sainithe TG Colinele Dobrogei freisin, ar an taobh thoir; agus Abhainn na Danóibe ar an taobh thiar.

Tacaíonn tosca ithreach agus aeráide le cáilíocht shármhaith na bhfíonta a tháirgtear sna ceantair sin, agus tá ról cinntitheach ag an acmhainneacht teasa. Mar thoradh ar an solas forleatach agus ar an teas sna limistéir sin, bíonn fíonta úra ag a bhfuil dea-bholaithe torthaíocha éagsúla, amhail dea-bholaithe úra agus diana citris, blasanna spíosracha nó bláthacha amhail bláthanna fiáine, agus luibheanna andúchasacha lena ngabhann dea-bholaithe éagsúla. Bíonn na fíonta sin tathagach, agus saintréithe iontu a bhaineann go sonrach le cineálacha aramatacha a bhaineann feidhmíocht cineálacha saothraithe amach agus a léiríonn an acmhainneacht fíonóireachta atá ann cheana i limistéar TG Colinele Dobrogei. Is gnáthfhíonta iad ag a bhfuil aigéadacht agus mianracht a chuireann úire bhreise leo.

Saintréith de chuid thopa-aeráid na Danóibe is ea meánteocht bhliantúil tuairim is 11 °C. Is i mí Iúil a bhíonn an mheánteocht mhíosúil is airde, is é sin 22 °C, agus is i mí Eanáir a bhíonn an teocht is ísle, is é sin 10 °C. Bíonn éagsúlacht mhór san aertheocht i rith an lae agus i rith na bliana.

Bíonn tionchar ag abhainn na Danóibe ar phatrúin ghaoithe, agus bíonn leoithní lae agus oíche cosúil leo siúd a bhíonn sa limistéar cósta. Is príomhthoisc aeráide í an bháisteach do gheilleagar críche talmhaíochta den chuid is mó amhail limistéar Dumbrăveni - Valea Urluia - Loch Vederoasa. Bíonn an méid báistí a thiteann measartha íseal, agus tuairim is 460 mm báisteach ar an meán a thiteann in aghaidh na bliana, agus í dáilte go míchothrom. Is iad mí na Bealtaine agus mí an Mheithimh na míonna is fliche, agus is í mí an Mhárta an mhí is tirime. Tagann an samhradh go luath agus bíonn sé bogthe, te uaireanta, agus fada, agus is minic a bhíonn gaotha tirime ann lena linn. Maireann an fómhar níos faide ná mar is gnách agus bíonn siad tirim, rud a sholáthraíonn dálaí fabhracha i leith aibiú na bhfíonchaor agus i leith carnadh comhdhúl aramatach.

Is saintréith d'aeráid thur iad na príomhithreacha, agus is é seornaiseoim an ceann is coitianta. Tá torthúlacht nádúrtha ag baint leis na hithreacha sin agus tá siad oiriúnach do shaothrú fíniúnacha. Tá uigeacht meánach ag seornaiseom ar fud a phróifíle ar fad, tá sé dea-struchtúrtha, cuireann sé dea-thréscaoilteacht uisce agus aeir ar fáil, agus tá sé éasca oibriú leis. Tá na hithreacha sin lán le húmas, tá siad beagáinín alcaileach agus tá líon mór cothaitheach iontu. Léiríonn siad torthúlacht an-ard, agus tá siad oiriúnach do shaothrú fíniúnacha.

Leasaíodh Caibidil III den tsonraíocht agus pointe 6 den doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Colinele Dobrogei

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

TGFC Tásc Geografach faoi Chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 22 – DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 – Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

1. *Fíonta geala agus rosé*

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Fíonta geala agus rosé

Dath: dath scothghlas buí, ar ghnách leis iompú órbhuí uaireanta, dath buí na tuí, dath éadrom/meánach an bhradáin. Boladh agus blas: dea-bholadh an fhéir nua-bhainte, bláthanna acáise, cumhracht lena mbaineann rian de bholadh na halmóinne milse; tugann carnadh maith siúcraí saintréith thathagach iomlán do na fíonta, lena mbaineann bolaithe na péitseoige, na haibreoige agus an mhangó; blas cothromaithe gan an tathag a bheith iomarcach; ó thaobh bolaidh de tá bolaithe bláthanna móinéir, meala, tósta, rósanna ar na fíonta, agus rian de bholadh citris ar na cineálacha a bhfuil dea-bholadh nádúrtha orthu agus bolaithe buana na círe meala ar fhíonta aramatacha níos sine.

Tá na luachanna le haghaidh aigéadacht iomlán uasta faoi réir na dteorainneacha a leagtar síos i ndlí ábhartha an Aontais Eorpaigh.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): 15.00

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 10.00

— Aigéadacht iomlán íosta: 3,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 18

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): 200

2. *Fíonta dearga*

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Fíonta dearga

Dath: dath an rúibín, dath dearg an ghairnéid, deargchorcra, dúdhearg. Boladh agus blas: bíonn déine ard datha ag na fíonta, rud a fhorbraíonn dea-bholaithe úra torthaí foraoise ar a bhfuil ruainnín prúnaí le brath; bíonn blas mín orthu sa bhéal agus bíonn siad olartha, bíonn dea-bholaithe sútha craobh, cuiríní dearga, mónóg, silíní searbha, clóbh, sméar dubh, agus fraochán gorm úra orthu; bíonn struchtúr tainneach acu agus saintréith tainneach iontu, lena mbaineann cumhracht fhorbartha fraochán gorm agus clóbh, agus bolaithe piobair/blaistithe, fanaile a bhfuil aosú gearr déanta air, silíní dubha, agus aigéadacht bharrmhaith; tá siad oiriúnach d'aosú i mbairillí darach.

Tá na luachanna le haghaidh aigéadacht iomlán uasta faoi réir na dteorainneacha a leagtar síos i ndlí ábhartha an Aontais Eorpaigh.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): 15.00

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 10.00

— Aigéadacht iomlán íosta: 3,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 20

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): 150

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1. Táirgeadh lasmuigh den limistéar críochaithe

Srian ábhartha ar dhéanamh na bhfíonta

Féadfar fíonta TGFC Colinele Dobrogei a dhéanamh freisin sa limistéar atá cóngarach don limistéar críochaithe, laistigh den aonad riaracháin céanna, laistigh d'aonad riaracháin comharsanachta nó i limistéir chomharsanachta a bhfuil tásca geografacha acu. Ní mór an Oifig Náisiúnta um Tháirgí Fíniúna agus Fíona (ONVPV) a chur ar an eolas 48 uair an chloig sula bhfeidhmítear an maolú sin.

2. Cleachtas táirgthe

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Ceadaítear cumasc. Ní mór é a dhéanamh i gcomhréir leis an reachtaíocht reatha.

3. Cleachtas fíoneolaíoch

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Féadfar fíonta rosé a dhéanamh freisin as na cineálacha fíniúna a úsáidtear chun fíon dearg a dhéanamh, agus úsáid á baint as teicníc an mhaothaithe ghearr agus saintréithe an chineáil nó na gcineálacha a úsáidtear chun na fíonta dearga a dhéanamh á gcaomhnú.

4. Cleachtas fíoneolaíoch

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Táirgeadh fíonta geala as cineálacha dearga

Tá sé beartaithe ag go leor táirgeoirí teicneolaíochtaí a thabhairt isteach chun leas a bhaint as acmhainneacht aramatach cineálacha amhail fíonta geala a tháirgeadh as fíonchaora dearga, cineál ar a dtugtar 'blanc de noirs'. Baineann an modh seo le fíonta geala a tháirgeadh as fíonchaora dearga leas as acmhainneacht na gcineálacha, agus dá thoradh bíonn fíonta atá beagán láidir arb é is saintréith dóibh blas éadrom plandúil, fíonta a mbíonn dea-bholaithe fíneálta sméar dubh, líoma, seadóige agus plumaí buí go láidir orthu. Cuireann an aigéadacht le húire an fhíona.

Fíon rosé socair déanta as fíonchaora geala - imireacha liathchorcra atá ar chraicne fhíonchaora na gcineálacha Pinot Gris, Băbească Gri nó Traminer Roz, scoth-liathchorcra liath agus scoth-liathghorm atá ar chraicne fhíonchaora na gcineálacha Traminer Roz Pinot Gris agus Băbească Gri, agus bándearg péarlach agus scothliath-bhándearg atá ar chraicne fhíonchaora an chineáil Traminer Roz. Táirgeann siad sin fíonta socra a bhfuil imireacha idir bhuíbhán, ar dhath buí na tuí agus bándearg orthu. Ag brath ar rogha an déantóra fíona, is féidir fíonta geala socra agus fíonta rosé socra a tháirgeadh, agus an dara ceann á fháil trí mhaothú.

Fíon oráiste socair as fíonchaora geala

Is éard atá i gceist leis an teicneolaíocht chun an fíon seo a tháirgeadh ná próiseas maothaithe ar chraiceann an úrfhíona fíonchaor ghil, braitheann an tréimhse maothaithe ar dhéine an dath is mian leis an déantóir fíona a bheith ar an bhfíon críochnaithe. Dath: ómra-buí/ómra, lena mbaineann struchtúr casta agus cumhracht aramatach bláthanna líoma, meala, craiceann oráiste agus torthaí triomaithe. Blas: saibhir, tathagach lena mbaineann comhpháirt aigéad an-soiléir treisithe le mianraíocht dhian.

5.2. *Uastáirgeacht*

1. Cineál fíonchaor – Petit Verdot, Sangiovese

   14 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

2. Cineál fíonchaor – Viognier

   14 500 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

3. Cineál fíonchaor – Negru de Drăgășani, Crâmpoșie selecționată, Băbească gri

   15 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

4. Cineál fíonchaor – Cabernet Sauvignon, Malbec, Mourvèdre

   15 400 gcileagram d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

5. Cineál fíonchaor – Busuioacă de Bohotin

   16 000 gcileagram d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

6. Cineál fíonchaor – Chardonnay, Pinot Gris

   16 300 gcileagram d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

7. Cineál fíonchaor – Sémillon

   16 600 gcileagram d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

8. Cineál fíonchaor – Muscat Ottonel, Pinot Noir, Syrah, Burgund mare, Băbească Neagră

   17 100 gcileagram d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

9. Cineál fíonchaor – Sauvignon, Riesling na hIodáile, Riesling de Rhin, Merlot, Fetească Neagră, Fetească Regală, Fetească Albă, Tămâioasă Românească

   18 000 gcileagram d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

10. Cineál fíonchaor – Traminer aromat, Traminer roz, Crâmpoșie, Columna, Aligoté, Iordană, Aromat de Iași, Rkațiteli

    18 000 gcileagram d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

11. Cineál fíonchaor – San Emilion, Novac, Mamaia, Cristina, Alicante Bouschet

    18 000 gcileagram d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

12. Cineál fíonchaor – Petit Verdot, Sangiovese

    105 heictilítear in aghaidh an heicteáir

13. Cineál fíonchaor – Viognier

    109 heictilítear in aghaidh an heicteáir

14. Cineál fíonchaor – Negru de Drăgășani, Crâmpoșie selecționată, Băbească gri

    112 heictilítear in aghaidh an heicteáir

15. Cineál fíonchaor – Cabernet Sauvignon, Malbec, Mourvèdre

    115 heictilítear in aghaidh an heicteáir

16. Cineál fíonchaor – Busuioacă de Bohotin

    120 heictilítear in aghaidh an heicteáir

17. Cineál fíonchaor – Chardonnay, Pinot Gris

    122 heictilítear in aghaidh an heicteáir

18. Cineál fíonchaor – Sémillon

    124 heictilítear in aghaidh an heicteáir

19. Cineál fíonchaor – Muscat Ottonel, Pinot Noir, Syrah, Burgund mare, Băbească Neagră

    128 heictilítear in aghaidh an heicteáir

20. Cineál fíonchaor – Sauvignon, Riesling na hIodáile, Riesling de Rhin, Merlot, Fetească Neagră, Fetească Regală, Fetească Albă, Tămâioasă Românească

    135 heictilítear in aghaidh an heicteáir

21. Cineál fíonchaor – Traminer roz, Traminer aromat, Crâmpoşie, Columna, Aligoté, Iordană, Aromat de Iaşi, Rkaţiteli

    135 heictilítear in aghaidh an heicteáir

22. Cineál fíonchaor – San Emilion, Novac, Mamaia, Cristina, Alicante Bouschet

    135 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Contae Constanța:

— Baile Murfatlar — Murfatlar agus sráidbhaile Siminoc;

— Bardas Valu lui Traian — sráidbhaile Valu lui Traian;

— Bardas Poarta Albă — sráidbhailte Poarta Albă agus Nazarcea;

— Baile Ovidiu — bardas Ovidiu, sráidbhaile Poiana;

— Bardas Ciocârlia — sráidbhaile Ciocârlia;

— Baile Medgidia — Medgidia agus sráidbhailte Remus Opreanu agus Valea Dacilor;

— Bardas Castelu — sráidbhailte Castelu, Cuza Vodă agus Nisipari;

— Bardas Siliștea — sráidbhaile Siliștea;

— Bardas Tortoman — sráidbhaile Tortoman;

— Bardas Peştera — sráidbhailte Peştera agus Ivrinezu Mic;

— Bardas Mircea Vodă — sráidbhailte Mircea Vodă, Satu Nou, Țibrinu, Saligny, Ștefan cel Mare agus Gherghina;

— Bardas Adamclisi — sráidbhailte Adamclisi, Abrud, Hațeg, Urluia agus Zorile;

— Baile Cernavodă — Bardas Cernavodă;

— Bardas Seimeni — sráidbhailte Seimeni agus Seimenii Mici;

— Bardas Rasova — sráidbhailte Rasova agus Cochirleni;

— Bardas Aliman — sráidbhailte Aliman, Dunăreni, Vlahii agus Floriile;

— Bardas Mihai Viteazu — sráidbhailte Mihai Viteazu agus Sinoie;

— Bardas Istria — sráidbhailte Istria agus Nuntaşi;

— Bardas Cogealac — sráidbhailte Cogealac, Tariverde agus Fântânele;

— Baile Mangalia — Mangalia;

— Baile Hârșova — Hârșova;

— Bardas Chirnogeni — sráidbhaile Chirnogeni;

— Bardas 23 August — sráidbhaile 23 August;

— Bardas Horia — sráidbhailte Horia agus Tichilești;

— Bardas Crucea — sráidbhaile Crucea;

— Bardas Topalu — sráidbhaile Topalu;

— Bardas Ciobanu — sráidbhaile Ciobanu;

— Bardas Gârliciu — sráidbhaile Gârliciu;

— Bardas Saraiu — sráidbhaile Saraiu;

— Bardas Cobadin — sráidbhaile Viișoara.

Contae Tulcea:

— Baile Babadag — Babadag;

— Bardas Sarichioi — sráidbhailte Enisala, Visterna, Zebil agus Sabangia;

— Bardas Valea Nucarilor — sráidbhailte Valea Nucarilor, Agighiol agus Iazurile;

— Baile Tulcea — Tulcea;

— Bardas Ostrov — sráidbhailte Ostrov agus Piatra;

— Bardas Somova — sráidbhailte Somova, Mineri agus Parcheș;

— Bardas Niculițel — sráidbhaile Niculițel;

— Bardas Izvoarele — sráidbhailte Izvoarele agus Alba;

— Bardas Valea Teilor — sráidbhaile Valea Teilor;

— Bardas Frecăței — sráidbhailte Telița agus Poșta;

— Baile Isacea — Isacea;

— Bardas Luncavița — sráidbhaile Luncavița;

— Bardas Văcăreni — sráidbhaile Văcăreni;

— Bardas Jijila — sráidbhaile Jijila;

— Baile Măcin — Măcin;

— Bardas Greci — sráidbhaile Greci;

— Bardas Cerna — sráidbhaile Cerna;

— Bardas Turcoaia — sráidbhaile Turcoaia;

— Bardas Carcaliu — sráidbhaile Carcaliu;

— Bardas Baia — sráidbhaile Baia;

— Bardas Ceamurlia de Jos — sráidbhailte Ceamurlia de Jos agus Lunca.

7. **Cineál (nó cineálacha) fíonchaor**

Alicante Bouschet N – Alicante Henri Bouschet

Aligoté B - Plant de trois, Plant gris, Vert blanc, Troyen blanc

Aromat de Iași B

Burgund Mare N - Grosser Burgunder, Blaufrankisch, Kekfrankos, Frankovka, Limberger

Busuioacă de Bohotin Rs - Schwarzer Muscat, Muscat fioletovîi, Muscat violet cyperus, Muscat rouge de Frontignan

Băbească gri G

Băbească neagră N - Grossmuttertraube, Hexentraube, Crăcana, Rară neagră, Căldărușă, Serecsia

Cabernet Sauvignon N - Petit Vidure, Burdeos tinto

Chardonnay B - Gentil blanc, Pinot blanc Chardonnay

Columna B

Cristina N

Crâmpoșie B

Crâmpoşie selecționată B

Fetească albă B - Păsărească albă, Poama fetei, Madchentraube, Leanyka, Leanka

Fetească neagră N - Schwarze Madchentraube, Poama fetei neagră, Păsărească neagră, Coada rândunicii

Fetească regală B - Konigliche Madchentraube, Konigsast, Ktralyleanka, Dănăşană, Galbenă de Ardeal

Iordană B - Iordovană, Iordan

Malbec N – Cotes rouges, Pied de Perdrix, Plant d'Arles

Mamaia N

Merlot N - Bigney rouge, Plant Medoc

Mourvedre N

Muscat Ottonel B - Muscat Ottonel blanc

Negru de Drăgășani N

Novac N

Petit Verdot N

Pinot Gris G - Affumé, Grau Burgunder, Grauburgunder, Grauer Mönch, Pinot cendré, Pinot Grigio, Ruländer

Pinot noir N - Blauer Spätburgunder, Blauer Burgunder, Burgund mic, Burgunder roter, Klävner Morillon Noir

Pinot noir N - Spätburgunder, Pinot nero

Riesling de Rhin B - Weisser Riesling, White Riesling, Riesling Renano, Rheinriesling

Riesling italian B - Olasz Riesling, Olaszriesling, Welschriesling

Rkatiteli B - Dedali Rkatiteli, Korolioc Rkatiteli

Saint Emilion B - Trebbiano Toscano, Ugni blanc, Trebbiano

Sangiovese N - Brunello di Montalcino, Morellino

Sauvignon B - Sauvignon Blanc

Syrah N - Shiraz, Petit Syrah

Sémillon B - Semillon blanc

Traminer Roz Rs - Rosetraminer, Savagnin roz, Gewürztraminer

Traminer aromat alb B

Tămâioasă românească B - Busuioacă de Moldova, Muscat blanc à petit grains

Tămâioasă românească B - Rumanische Weihrauchtraube, Tamianka, Tămâioasă albă de Drăgășani

Viognier B - Petit Vionnier, Viogne, Galopine, Vugava bijela

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

8.1. *Sonraí an limistéir gheografaigh*

Is é críoch Dobrogea in oirdheisceart na Rómáine an limistéar, críochaithe ag réimsí íochtair na Danóibe (thiar agus thuaidh), an Mhuir Dhubh (thoir) agus teorainn na Bulgáire (theas). Is iad na príomhthréithe a bhaineann leis an limistéar na tírghnéithe de chineál ardchlár ar a bhfuil substráit lóis, agus dálaí éiceolaíochta, ithreach agus aeráide atá rangaithe sna catagóirí steipe agus steipe foraoise. Cabhraíonn gach ceann de na gnéithe sin le timpeallacht éiceolaíoch a chruthú atá go maith chun fíniúnacha a fhás.

Suíonn an chuid is mó de na fíonghoirt ar shubstráit gheolaíoch lóis (3-40 m ar tiús), ag clúdach carraig chrua ársa (réamh-Phailéasóch, Pailéasóch, Méiseasóch agus Treasach) go páirteach, carraig atá díleasach nó easáitithe.

Tá tuaisceart Dobrogea sléibhtiúil den chuid is mó (ardchríocha ina bhfuil loig fhoscúla, idir 100 m agus 467 m os cionn leibhéal na farraige), ach tá tírdhreach ardchláir struchtúrach táblach i ndeisceart Dobrogea (faoi bhun 200-300 m). Tá an dá thírdhreach seo scartha óna chéile ag ardchlár creimtheach Dobrogea láir, atá cnocach den chuid is mó (250-350 m).

Is é sin an réigiún is lú báistí agus screamhuisce sa Rómáin: tá an infhaighteacht easnamhach, agus is minice gur uisce níos mianraithe a bhíonn ann. Baintear úsáid as gaibhniú uisce, bailiú báistí agus uisciúchán chun an cás sin a mhaolú.

Maolaítear an aeráid ilchríochach atá ina saintréith de chuid an limistéir go pointe mar gheall ar a ghaireacht atá an Mhuir Dhubh agus Riasca agus Deilt na Danóibe. Bíonn an mheánteocht bhliantúil timpeall 11 °C agus bíonn raon teochta níos airde ná 25 °C ann idir meánluachanna mhí Eanáir agus mhí Iúil, agus bíonn raon teochta níos airde ná 75 °C ann ó thaobh dearbhtheochtaí foircneacha thar roinnt blianta. Is minic go dtiteann níos lú ná 400 mm báisteach ar an meán sa bhliain. Is iad dálaí héiliteirmeacha maithe na buntáistí a bhaineann leis an limistéar: tá sé ar cheann de na réigiúin is teo sa Rómáin (lena mbaineann radaíocht na gréine os cionn 120-125 Kcal/cm2, ar a scalann an ghrian ar feadh os cionn 2 200 uair an chloig agus ina mbíonn meánteochtaí dearfacha laethúla ag méadú suas le 4 000-4 200 °C i gcaitheamh na bliana), rud a chinntíonn gur féidir le fíonchaora aibiú agus fiú éirí ró-aibí.

Is í ithir chriosach an chatagóir ithreach is mó atá sna limistéir fíonsaothrúcháin: mollasail steipe (castanaiseoim agus seornaiseoim) agus mollasail steipe foraoise (seornaiseoim chalcacha agus, níos fánaí, seornaiseoim chré-inláisteacha, reinsíne agus graidhseoim), ar foirmíodh iad den chuid is mó ar fhoshraith lóis.

8.2. *Sonraí faoin táirge*

Is féidir le fíonta an TGFC 'Colinele Dobrogei' a bheith ina bhfíonta geala, dearga nó rosé.

Bíonn cuma ghlé ar na fíonta geala agus rosé, agus dath scothghlas bhuí nó órbhuí orthu, nó dath éadrom nó meánach an bhradáin orthu, agus bíonn blas mín orthu.

Maidir le boladh agus blas, bolaithe agus blasanna bláthanna is mó a bhíonn orthu. Bíonn carnadh maith siúcraí sna fíonta agus bíonn siad tathagach go maith, agus bolaithe na meala, an róis, an chitris ar na cineálacha atá aramatach go nádúrtha agus uaireanta bolaithe na círe meala ar fhíonta aramatacha níos sine.

Bíonn blas mín ar na fíonta dearga i do bhéal agus bíonn dath dearg an rúibín, dath dearg an ghairnéid, deargchorcra dorcha nó, dúdhearg orthu.

Bíonn dea-bholaithe úra thorthaí na foraoise, ruainnín prúnaí le brath, blas mín sa bhéal agus bíonn siad olartha, mar aon le dea-bholaithe sútha craobh, cuiríní dearga, mónóg, sméar dubh agus fraochán gorm úr le brath ar an mboladh agus ar an mblas. Bíonn saintréith thainneach sna fíonta, ag a mbíonn cumhracht fraochán gorm agus clóbh, agus a mbíonn bolaithe sonracha piobair orthu uaireanta, agus bolaithe fanaile de thoradh an aosaithe ghearr. Tá siad oiriúnach d'aosú i mbairillí darach.

8.3. *Idirghníomhaíocht chúisíoch*

Is iad na húrfhíonta a úsáidtear chun iad a dhéanamh a thugann an tsainiúlacht d'fhíonta an TGFC 'Colinele Dobrogei'. Tá nasc aige sin leis na cineálacha fíniúna, a bhaineann leas as radaíocht ard na gréine – tá na dálaí teirmeacha ar na cinn is teo sa Rómáin – agus ní bhíonn mórán báistí ann. Cabhraíonn na tosca sin leis na fíonchaora aibiú go maith, rud a fhágann go bhfuil cuid mhór siúcra sna húrfhíonta. Mothaítear tionchar na farraige sa limistéar. Tá sé tairbheach go háirithe san fhómhar toisc go bhfeidhmíonn sí mar rialtóir teochta. Tá tionchar ag an Danóib in Cernavodă, go háirithe ar na fíonghoirt is gaire di. Tá an ithir, atá lán le carbónáit chailciam, agus is toisc thábhachtach í sin le haghaidh chaighdeán na bhfíonta. Tá caighdeán na bhfíonta suntasach mar thoradh ar thionchar tairbheach na lochanna Razim agus Sinoe in aice láimhe agus ithreacha atá go maith le haghaidh fíonsaothrúcháin, chomh maith leis an bhfíoras go bhfuil na fíonta cothromaithe maidir le halcól agus aigéadacht agus go bhfuil saintréithe orgánaileipteacha dea-léirithe iontu (bláthanna/torthaí na foraoise, bolaithe blaistithe).

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Dálaí is infheidhme maidir leis an táirge deiridh

Creat dlíthiúil:

sa reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Maolú ar an táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Ar choinníoll go dtugtar fógra cuí do na húdaráis inniúla, féadfar na fíonta a chóireáil agus a bhuidéalú lasmuigh den limistéar inar fásadh na fíonchaora.

Féadfaidh na próisis sin tarlú laistigh den aonad riaracháin céanna, laistigh d'aonad riaracháin chomharsanachta nó i limistéir chomharsanachta a bhfuil tásca geografacha acu.

Sa chás seo, ní mór an táirgeoir nó an buidéalóir agus an áit bhuidéalaithe a shainaithint ar an lipéad, de réir mar is iomchuí.

Maidir le buidéalú, agus mar fhreagra ar éilimh thráchtála ón Aontas agus ó mhargaí onnmhairíochta, ceadaítear fíonta TGFC Colinele Dobrogei a dhíol ar an mórchóir.

Ní mór na húdaráis a chur ar an eolas faoi bhulc-choinsíneachtaí tríd an tseirbhís iniúchta áitiúil. Ní mór an páipéarachas is infheidhme mar aon leis an deimhniú lena gcruthaítear teidlíocht chun an tásc faoi chosaint a úsáid agus an fíon a mhargú a bheith ag gabháil le bulc-choinsíneachtaí.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://www.onvpv.ro/sites/default/files/caiet_de_sarcini_ig_colinele_dobrogei_modif_cf_cerere_1549_12.08.2024_no_track_changes.pdf